

# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

## SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2018

---

### SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

---

#### PÁIPÉAR I - 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.**

---

#### **ROINN A**

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Céard is féidir a dhéanamh chun múinteoirí bunscoile a choinneáil in Éirinn?
- (b) Níor chóir go mbeadh cead ag páistí bunscoile fóin chliste a bheith acu ar scoil.
- (c) Is iad na rudaí is fearr faoin tír seo ná na daoine agus an radharcra, agus is iad na rudaí is measa ná an aimsir agus an bruscar.
- (d) Tá an iomarca daoine ina gcónaí i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le háiteanna eile sa tír agus tá sé sin ag cruthú go leor fadhbanna.
- (e) Bíonn an iomarca cluichí le himirt ag imreoirí idirchontae.

(35 marc)

#### **ROINN B**

##### **Freagair Ceist 2 nó Ceist 3**

2. Aistrigh go Gaeilge:-

Myself and my husband have a house rented at present but we decided during the summer to buy a house. The two of us are working and we have permission to take out quite a large mortgage. My husband works in Dublin but I am teaching about an hour from the city. We looked at a house in Dublin last weekend but it was so dear and very small really. You would get a much bigger house for the same money near where I am working. I saw a very nice house in the window of the auctioneer's office near us yesterday after school. It is a detached house, with four bedrooms, a toilet upstairs and a toilet downstairs, a large bathroom, a very modern kitchen, a lovely sitting room and an attic with a floor. The back of the house is south facing. The garden is beautiful. I have made an appointment with the auctioneer to have a look at the house tomorrow evening.

(15 marc)

### 3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Hurry up, children and go into your line. You are late.
2. Clean your shoes, John, take off your coat and hang it up.
3. Teaching was always in the back of my mind since I was a young child.
4. My next door neighbour looks after my children during the day.
5. I have to prepare the dinner and do the housework after school.
6. I went to a restaurant last weekend. I had salmon, mashed potatoes and fresh vegetables for the main course.
7. I enjoyed that book very much. I got it on loan from the library.
8. My favourite television programme on TG4 is Ros na Rún.
9. There is a very nice shopping centre beside us. It has a paint shop, a furniture shop, a hardware shop and a pharmacist.
10. Do you want a single ticket or a return ticket?

(15 marc)

## ROINN C

### Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

#### 4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Nach bhfuil na (ticéad) do Chluiche Ceannais na hÉireann an-daor?” arsa Mairéad le Cormac. “Is cuma liom,” arsa Cormac. “Táim ag dul. Níor chaill mé Cluiche Ceannais na hÉireann le deich (bliain) anuas. Tá gach Cluiche Ceannais (feic) agam ó 2008.” “Téann tú gach bliain, mar sin?” arsa Mairéad. “Téim – chuig an gCluiche Ceannais (Peil) agus chuig an gCluiche Ceannais (Iománaíocht). Gach bliain (faigh: mé) bus go Baile Átha Cliath ar an Satharn agus fanaim in Óstán Pháirc an Chrócaigh. Caithfidh mé é seo a (abair), áfach. Nílím sásta ar chor ar bith Cluiche Ceannais na hÉireann a bheith i Mí Lúnasa. Nuair a bhí an dá (Cluiche) Ceannais i Mí Mheán Fómhair bhí an geimhreadh níos (gearr).” “Inis dom,” a Chormaic, “Dá mbeadh Cluiche Ceannais na hÉireann i Nua Eabhrac mar a bhí sé i 1947, an (téigh: tú)?” “Rachainn cinnte.”

(10 marc)

#### 5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (feic) mé an scannán sin ar an teilifís aréir.
2. (Tabhair) mé bronntanas do mo dheartháir dá bhreithlá an mhí seo chugainn.
3. (Léigh) Bríd leabhar gach samhradh nuair a bhíonn sí ar a laethanta saoire.
4. Dá (tar) sneachta i rith an tsamhraidh bheadh ionadh orm.
5. Bhí Garda ina sheasamh i lár (an tsráid).
6. Bíonn na laethanta níos (fada) sa samhradh ná mar a bhíonn siad sa gheimhreadh.
7. “Ní féidir liom tú a (clois). An féidir leat labhairt níos airde?” arsa Mícheál.
8. “Baineadh geit (as: sinn) nuair a thosaigh an madra ag tafann.” arsa na páistí.
9. Níl an litir sin (scríobh) fós ag Aisling.
10. Nuair a bhí Eoghan ag freagairt (an guthán) tháinig duine éigin go dtí an doras.

(10 marc)

## ROINN D

### Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

#### **Biddy Early, bunaithe ar eolas uirthi ar Vicipéid**

Rugadh Bridget Ellen Early nó Biddy Early mar ab fhearr aithne uirthi i gContae an Chláir sa bhliain 1798. Luibhlia a bhí inti a raibh go leor leigheasanna aici. Cuireadh ina leith go raibh sí ina cailleach. Thug sí an-chabhair dá comharsana ach chuaigh sí i gcoinne tiarnaí talún agus na heaglaise Caitlicí.

Mar pháiste, deirtear go gcaitheadh Biddy an-chuid ama léi féin ag caint leis na sióga agus cé go raibh sí cliste nár fhoghlaim sí riamh conas léamh ná scríobh. Gaeilge a labhair sí lena muintir ach bhí Béarla aici chomh maith. Deirtear gur fhoghlaim Biddy an-chuid dá leigheasanna óna máthair, leigheasanna a bhí ag clanna áirithe agus a thugtaí ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Nuair nach raibh Biddy ach sé bliana déag d'aois cailleadh a máthair leis an ocra agus fágadh Biddy i bhfeighil na clainne. Sé mhí ina dhiaidh sín arís cailleadh a hathair le tífeas. Agus í ocht mbliana déag d'aois agus gan a bheith in ann an cíós ar an talamh a bhí ag an gclann a íoc, chuaigh sí ag obair le tiarna talún in aice le Luimneach. Níor thaitin an post léi agus chuaigh sí chun cónaithe i dteach na mbocht. Le linn di a bheith ansin shiúladh sí go minic go dtí an t-aonach sa Ghoirtín Riabhagh áit ar bhuaíl sí le Pat Malley ón bhFiacaíl. Phós siad, chuir said fúthu ansin i dteach trí sheomra agus bhí mac amháin acu.

Thosaigh Biddy ag baint clú amach dá leigheasanna le linn di a bheith ina cónaí ar an bhFiacaíl. Níor lorg sí airgead riamh dá seirbhísí ach is minic a d'fhaigheadh sí uisce beatha agus poitín. Níorbh fhada go raibh ainm ag a teach don ólachán agus don imirt chártaí. Fágadh ina baintreach í agus gan í ach cúig bliana is fiche d'aois. Phós sí an dara huair ach bhí sí ina baintreach arís faoin am a bhí sí dhá bhliain is dhá scór. Nuair a phós sí a tríú fear céile, chuaigh sí chun cónaithe in aice le loch agus go dtí an lá atá inniu ann tugtar loch Biddy Early ar an loch sin.

Nuair nach raibh an t-airgead ag daoine dul chuig an dochtúir nó an sagart, nó má bhí ach mura bhfuair siad leigheas, chuaigh siad chuig Biddy Early. Bhí leigheasanna aici d'ainmhithe chomh maith agus is minic a chabhraigh sí le daoine a raibh fadhbanna acu le tobar fíoruisce nó le déanamh ime.

Bhí buidéal aici a bhí chomh cáiliúil léi féin. D'fhéachadh sí isteach sa bhuidéal agus í ag iarraidh teacht ar leigheas. Thugadh sí an buidéal léi gach áit agus bhí sé aici fós agus í ar leaba a báis. Labhair na sagairt amach ina coinne agus dúirt siad leis na daoine gan dul chuici. Thaitin sí leis na daoine, áfach, agus lean siad orthu ag dul chuici. Sa bhliain 1865, cuireadh ina leith os comhair cúirte go raibh sí ina cailleach ach níor éirigh leis an gcás. Phós sí don cheathrú huair agus í aon bhliain déag agus trí scór. Ní raibh an fear céile ach tríocha bliain d'aois. Cailleadh eisean laistigh de bhliain. Cailleadh Biddy í féin sa bhliain 1874 agus tá sí curtha i Reilig na Fiacaile.

1. Cé a fuair an-chúnamh ó Biddy Early?
2. Cé uaidh a bhfuair Biddy Early an chumhacht a bhí aici?
3. Céard a rinne Biddy nuair nach raibh an t-airgead aici chun an tiarna talún a íoc?
4. Céard a fuair Biddy Early óna cuid custaiméirí mar bhuíochas?
5. Cén fhianaise atá san alt gur chabhraigh sí le níos mó ná daoine?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Patrick Lindsay, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmaid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú air in [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)**

Ba é Patrick Lindsay an chéad Aire na Gaeltachta é agus tá a shloinne buanaithe sa téarma leathmhagúil 'Gaeltacht Lindsay'. Scéalaí agus fear mór cuideachta ba ea é. Duine réchúiseach bogchroíoch a bhí ann, dar le daoine áirithe. I mBaile Átha Cliath a rugadh é 18 Eanáir 1914, tráth a raibh a athair Patrick ina oibrí poist in Ardoifig an Phoist. Ba í Mary Keegan a mháthair. Nuair a bhí sé bliain go leith d'aois d'aistrigh a thuismitheoirí go feirm bheag i nDumha Locha in aice le Gaoth Sáile, Co. Mhaigh Eo. Mhaígh sé gur chainteoir dúchais Gaeilge é ach ní léir go ndearna sé aon staidéar ar an teanga. Bhí sé ar scoil i nGaoth Sáile. I 1924 scaoil sé urchar lena dheartháir óg; d'fhan an t-urchar róghar don inchinn agus is titim de rothar i 1936 a bhog an t-urchar gur maraíodh an créatúr; deireadh Lindsay gurbh in é an fáth a raibh sé féin riamh go mór in aghaidh an fhoréigin.

Thaistil sé dhá scór míle ar rothar go Caisleán an Bharraigh um Cháisc 1927 chun scrúdú a dhéanamh i gcomhair na scoláireachta a thabharfadh go Coláiste Mhuireadhaigh i mBéal an Átha é. Fealsúnacht, Laidin agus Gréigis na hábhair a bhí aige i gColáiste Ollscoile na Gaillimhe. Bhí mianach na haisteoireachta ann agus ghlacadh sé páirt i ndrámaí sa choláiste agus chleachtadh sé an óráidíocht. D'éirigh leis céim mháistir a bhaint sna clasaicigh agus Ard-Diplóma san Oideachas. Chaith sé cúpla bliain ag múineadh sa Scoil Ríoga sa Chabhán sular thug sé a aghaidh ar Bhaile Átha Cliath i 1940. Chaith sé trí bliana i 17 scoil ann agus chuir eagar ar leabhar den Aeneid i 1944. Le linn dó a bheith ag múineadh in Sandford Park thosaigh sé ag staidéar ar dhlí sa Choláiste Ollscoile agus i gCumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath. Um Shamhain 1946 glaoth chun an bharr é. Rinneadh Abhcóide Sinsearach de i 1954 agus an bhliain chéanna toghadh é mar Theachta Dála i Maigh Eo Thuaidh d'Fhine Gael. Ceapadh é ina Rúnaí Parlaiminteach don Aire Oideachais i 1956 agus ar feadh 1956-57 ba é Aire na Gaeltachta é. Toghadh arís é i 1957 ach chaill sé an suíochán i 1961. Toghadh arís é i 1965. Chaith sé 1961-65 ina Leas-Chathaoirleach ar an Seanad. Ceapadh é ina Mháistir san Ardchúirt i Samhain 1975 agus bhí sé sa phost sin go dtí Eanáir 1984. Phós sé Moya Brady i 1952 agus bhí mac agus beirt iníonacha acu. Is ina theach saoire in Eanach Mheáin, Conamara, a d'éag sé ar 29 Meitheamh 1993.

1. Cén fhianaise atá san alt gur thaitin sé le Patrick Lindsay a bheith i gcomhlúadar daoine?
2. Céard iad na tréithe pearsanta a bhí ag Patrick Lindsay, de réir an ailt?
3. Cén fhianaise atá san alt gur thaitin na clasaicigh le Patrick?
4. Lasmuigh de chúrsaí drámaíochta agus de chúrsaí polaitíochta, céard atá san alt a léiríonn gur thaitin sé leis a bheith ag labhairt os comhair daoine?
5. Conas go bhfuil a fhios agat ón alt go raibh spéis ag Patrick Lindsay mar shlí bheatha i níos mó na an mhúinteoireacht agus an pholaitíocht?

(10 marc)

## ROINN E

### Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:
- (i) ag fiosrú faoi thaitneamh
  - (ii) ag léiriú dóchais
  - (iii) ag léiriú easpa ábaltachta
  - (iv) ag tabhairt foláirimh
- (b) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí i gcomhthéacs mhúineadh na Gaeilge sna ranganna sóisearacha.
- (c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “*Cluiche Kim.*” Tabhair samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.
- (15 marc)
9. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga “*Fiche Ceist*” bunaithe ar dhaoine cáiliúla. Tabhair go leor samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Lá ar an Sliabh” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltáí sna meánranganna nó sna hardranganna.
- (c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.
- (15 marc)
10. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le rólímirt ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de?
- (b) Scríobh fógra/póstaer mór (gan air ach focail) don zú a bhfuil sé mar aidhm aige páistí a mhealladh chuig an zú.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Ag an Zú”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltáí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 marc)